



CUMANN IDIRNÁISIÚNTA NA gCOIMISINÉIRÍ TEANGA
INTERNATIONAL ASSOCIATION OF LANGUAGE COMMISSIONERS

Comhdháil Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga **2016**

International Association of Language Commissioners' Conference **2016**

Dé Luain, 7 Márta -
Dé Céadaoin,
9 Márta 2016

Monday, 7 March -
Wednesday,
9 March 2016

CLÁR ÁBHAR

TABLE OF CONTENTS

| | |
|---|----|
| FÁILTE GO GAILLIMH | 3 |
| WELCOME TO GALWAY | |
| SEOLADH OIFIGIÚIL NA COMHDHÁLA | 8 |
| OFFICIAL OPENING OF THE CONFERENCE | |
| LÉACHT NA COMHDHÁLA..... | 10 |
| CONFERENCE ADDRESS | |
| BAILL DE CHUMANN IDIRNÁISIÚNTA NA gCOIMISINÉIRÍ TEANGA..... | 12 |
| MEMBERS OF THE INTERNATIONAL ASSOCIATION | |
| OF LANGUAGE COMMISSIONERS | |
| CAINTEOIRÍ EILE | 22 |
| OTHER SPEAKERS | |
| SCEIDEAL | 32 |
| SCHEDULE | |



RÓNÁN Ó DOMHNAILL AN COIMISINÉIR TEANGA

Den chuid is mó agus muid ag plé cearta teanga anseo in Éirinn is ar an nGaeilge a dhíritear. Luíonn sé sin le réasún agus tá sé nádúrtha go mbíonn muid ag díriú ar ár dteanga féin, céad teanga oifigiúil an Stáit. Ach dar ndóigh tá tíortha eile agus teangacha eile atá ag streachailt leis na dúshláin chéanna a bhíonn againn anseo. Is maith ann mar sin Cumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga agus tabharfaidh an chomhdháil seo deis dúinn comparáid a dhéanamh idir an chaoi a gcaitear le teangacha i limistéir éagsúla. Ní hionann mar shampla na forálacha in Acht na dTeangacha Oifigiúla anseo agus iad siúd i gCeanada. Céard iad na difríochtaí idir cumhachtaí Choimisinéir na Cosaive agus cumhachtaí Choimisinéir na Breataine Bige? Nó New Brunswick agus Nunavut? Is léir go bhfuil go leor le foghlaim againn óna chéile agus cén áit níos fearr le tú a chur leis sin i mbliana ach i hallá ársa Aula Maxima in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh?

Ba mhaith liom buíochas faoi leith a ghabháil le Dónall Ó Braonáin ó Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge agus John Walsh ó Roinn na Gaeilge san Ollscoil as a bheith mar chomhpháirtithe liom in eagrú na comhdhála seo. Bhí a ndearcadh stuama ar chúrsaí ina chabhair mhór in eagrú na comhdhála.

We usually focus on Irish when discussing language rights here in Ireland. That stands to reason and it is natural that we would focus on our own language, the first official language of the State. But there are, of course, other countries and languages who are struggling with the same challenges that we face here. It is good then that the International Association of Language Commissioners exists and this conference will give us an opportunity to compare the way that languages are treated in different areas. For example, the provisions of the Official Languages Act here are not the same as those in Canada. What are the differences between the powers of the Commissioner of Kosovo and the powers of the Commissioner of Wales? Or New Brunswick and Nunavut? It is clear that we have a lot to learn from each other and where better to begin this year than in the ancient halls of the Aula Maxima in the National University of Ireland, Galway?

I would like to give particular thanks to Dónall Ó Braonáin from Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge and John Walsh from the Irish Department in the University for working with me in the organisation of this conference. Their wise views on matters was a big help in the organisation of the conference.

FÁILTE GO GAILLIMH / WELCOME TO GALWAY

Is onóir mhór dúinn freisin go bhfuil an chomhdháil mar chuid de Chlár Comórtha Céad Bliaín an Stáit agus cabhair maoinithe faighte dá réir ó chiste tacaíochta na Roinne Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta don chomóradh. Beidh deis ann le linn na bliana seo amach romhainn machnamh a dhéanamh athuair ar na mianta a bhí ann ar bhunú an Stáit. Lárnach sa mhachnamh seo beidh staid ár dteanga náisiúnta agus a háit i sochaí an lae inniu.

Triúr a bhí lárnach i mbunú Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga. B'shin iad an chéad Choimisinéir Teanga ag an Stát seo Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga Cheanada Graham Fraser agus iar-Aire Gnótháí Eachtracha na Fionlainne Pär Stenbäck. Is cúis áthais dom go bhfuil an triúr acu linn don chomhdháil seo ar chearta teanga.

It is a big honour for us also that the conference is part of the State's Centenary Commemoration Programme and we received funding accordingly from the support fund of the Department of Arts, Heritage and the Gaeltacht for the commemoration. There will be an opportunity during the coming year to reflect again on the ambitions that accompanied the foundation of the State. Central to this reflection will be the condition of our national language and its place in today's society.

Three people were central to the foundation of the International Association of Language Commissioners. They were this State's first Language Commissioner, Seán Ó Cuirreáin, Canada's Language Commissioner, Graham Fraser, and the former Finnish Minister for Foreign Affairs, Pär Stenbäck. I am delighted that the three of them are with us for this conference on language rights.

FÁILTE GO GAILLIMH / WELCOME TO GALWAY



DR. JAMES BROWNE

UACHTARÁN, OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH
PRESIDENT, NATIONAL UNIVERSITY OF IRELAND, GALWAY

Tá mic léinn á dtabhairt chun cinn i nGaillimh le 170 bliain ó bunaíodh OÉ Gaillimh in 1845. Tiomantas don teagasc ardchaighdeáin agus túis áite don taighde a thuilleann cáil agus aitheantas idirnáisiúnta dúinn.

Cinntíonn 17000 mac léinn agus 2400 comhalta foirne gur comhluadar áitiúil agus domhanda muid. Feabhas sa teagasc agus sa taighde a thugann scoth na mac léinn chomh fada linn. 2000 mac léinn idirnáisiúnta ó 92 thír a shocraíonn ar chórsa léinn a dhéanamh linn. I measc láidreachtaí taighde na hOllscoile tá Innealtóireacht agus Eolaíocht Bhithleachis, Eolaíocht Chomhshaoil, Muireolaíocht, An Dlí i leith Chearta an Duine, Teicneolaíocht Idirlín, na Daonnachtá Digiteacha, Seaneolaíocht Shóisialta, agus taighde um Leanaí agus Teaghlaigh.

Déanann Fís 2020, Plean Straitéiseach OÉ Gaillimh, athdhearthbhú ar thiomantas na hOllscoile don Ghaeilge agus don Ghaeltacht. Tá cáil idirnáisiúnta ar thaighde Roinn na Gaeilge i Scoil na dTeangacha, na Litríochtaí agus na gCultúr i dtaca leis an tsiochtangeolaíocht agus leis an mbeartas teanga. Ionad náisiúnta barr feabhas i léann an aistriúcháin agus san ateangaireacht atá in institiúid Ghaeilge na hOllscoile, Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge.

Tá an Ghaeltacht is mó in Éirinn buailte ar OÉ Gaillimh agus déantar treisiú ar an nasc teanga idir an Ollscoil agus an réigiún a bhúiochas den 3 ionad Ollscoile i nGaeltacht na Gaillimhe agus i nGaoth Dobhair, Contae Dhún na nGall. Isteach is amach le 2500 mac léinn a bhíonn ag gabháil de chlárí nó modúil Ghaeilge in OÉ Gaillimh ar bhonn bliantúil.

Cúis bhróid d'OÉ Gaillimh fáilte a chur roimh Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga go Gaillimh.

Founded in 1845, NUI Galway has been inspiring students for 170 years and has earned international recognition as a research led university with a commitment to top quality teaching.

We are a global and local community of 17000 students and 2400 staff members. Our commitment to excellence in teaching and research attracts high-calibre students from all over the world. More than 2000 international students from 92 countries, choose to study here. Our research strengths include Biomedical Science and Engineering, Environmental Science, Marine Science, Human Rights Law, Internet Technology, Digital Humanities, Social Gerontology and Child and Family Research.

'Vision 2020', the NUI Galway Strategic Plan reaffirms the University's longstanding commitment to the Irish language and Irish-speaking communities in our region. Roinn na Gaeilge in the School of Languages, Literatures & Culture is internationally recognised for its robust research agenda in sociolinguistics & language policy. The University's Irish language institute Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge is a national centre of excellence for translation and interpreting studies.

NUI Galway is adjacent to the largest Irish-speaking region in Ireland and the University's linguistic links with the region are strengthened by three University Centres in the Galway Gaeltacht and in Gaoth Dobhair, Co. Donegal. Some 2500 students take Irish language programmes or modules in NUI Galway on an annual basis.

NUI Galway is proud to welcome the International Association of Language Commissioners to Galway.

FÁILTE GO GAILLIMH / WELCOME TO GALWAY



GRAHAM FRASER

CATHAOIRLEACH, CUMANN
IDIRNÁISIÚNTA na gCOIMISINÉIRÍ TEANGA
CHAIRPERSON, INTERNATIONAL ASSOCIATION OF
LANGUAGE COMMISSIONERS

Tá mé thar a bheith sásta go bhfuil an triú cruinniú seo de Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga á réachtáil i nGaillimh. Is ag comhdháil i mBaile Átha Cliath a d'eagraigh an chéad Choimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, a thángthas ar an smaoineamh an Cumann a bhunú agus is cui dá bhri sin go bhfuilimid ar ais in Éirinn. Ar leibhéal pearsanta, tháinig mé go Gaillimh go luath tar éis mo cheapacháin mar Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla i gCeanada sa bhliain 2006. Is tráthúil, mar sin, go bhfuil mé ar ais anseo deich mbliana níos déanaí.

Bhí naisc Cheanada le hÉirinn láidir riamh agus tá na mílte duine as Ceanada, nó na milliún b'fhéidir, bródúil gur as Éirinn a sinsir, mar a bhíonn le feiceáil go minic ag paráidí Lá Phéile Pádraig. Tá mé bródúil dá bhri sin gur anseo a thángthas ar an smaoineamh ár gCumann a bhunú agus go bhfuil sé anseo arís agus é fós an-óg. Cuireann an ceiliúradh Céad Bliaín deis uathúil ar fáil chun an gaol rithábhachtach idir teanga agus cultúr, agus idir teanga agus féiniúlacht, a phlé. Go deimhin féin, beidh deis againn tuiscint a fháil ar na naisc sin ar bhealach ar leith ag an gcomhdháil seo ó tharla go mbeidh Sandra Inutiq, Coimisinéir Teangacha Nunavut, ag plé ról na féiniúlachta i saothar Robert Flaherty, scannánóir Gael-Mheiriceánach a rinne Nanook of the North sa bhliain 1922 agus Man of Aran sa bhliain 1934.

I am particularly pleased that this third meeting of the International Association of Language Commissioners is being held in Galway. The Association was conceived at a conference in Dublin, organised by the first Coimisinéir Teanga, Seán Ó Cuirreáin, and so it is fitting that we return. On a personal level, one of my first experiences on becoming Canada's Commissioner of Official Languages in 2006 was to come to Galway, so to return here ten years later marks an effective bookend to my decade in office.

Canada's links with Ireland have always been strong, and thousands, if not millions of Canadians cherish their Irish roots with pride, as many annual St. Patrick's Day parades testify. So I am proud that our Association was conceived here and, still very young, returns. The Centenary celebrations provide a singular opportunity to discuss the critical relationship between language and culture, and language and identity. Indeed, this conference will enable us to understand some of those links in a particular way, as Sandra Inutiq, the Nunavut Languages Commissioner, will be discussing the role of identity in the works of Robert Flaherty, an Irish-American filmmaker who made both Nanook of the North in 1922, and Man of Aran in 1934.

FÁILTE GO GAILLIMH / WELCOME TO GALWAY

Tá ról uathúil ag an gCoimisinéir Teanga i ngach ceann dár ndlinsi. Níl comhghleacaí ar bith againn sa bhaile. Dá bhri sin, cé go bhfuil ár sainorduithe beagán difriúil óna chéile, táimid go léir tiomanta do neamhspleáchas ár n-oifige, tá meas againn go léir orthu siúd a lorgaionn cabhair ónár n-oifig le go dtabharfaí a gcearta teanga dóibh, agus tugaimid go léir tacaiocht do bheogacht na teanga a bhfuil sainordú againn í a chosaint agus a chur chun cinn. Foghlaimímid óna chéile, tugaimid tacaíocht dá chéile agus éistimid lena chéile, agus is minic a bhímid ag déanamh iontais de na dúshláin éagsúla a bhíonn roimh gach duine againn. Ní haon iontas, mar sin, gur luachmhar linn ár gcomhdhálacha.

Is mian liom buíochas a ghabháil le Rónán as ucht an chomhdháil seo a eagrú, le Ciste Comórtha 1916 as ucht na tacaiochta a fuaireamar uaidh, agus le hOllscoil na hÉireann, Gaillimh as ucht gach cóir a chur orainn. Go gcuire an chomhdháil seo le heolas gach duine againn agus go saibhri sí muid ar fad.

Our positions of Language Commissioners are unique in our jurisdictions. We have no colleagues at home. So, while our mandates vary somewhat, each of us shares a commitment to the independence of our offices, respect for those who seek help from our offices in having their language rights respected, and support for the vitality of the languages we are mandated to protect and promote. We learn from each other, we support each other, and we listen to each other, often marvelling at the different challenges each one of us faces. This is one of the reasons why our conferences are so valuable to each of us.

I want to thank Rónán for his initiative in organising this conference, the 1916 Commemoration Fund for its support, and the University of Galway for its hospitality. May this conference inform and enrich us all.

SEOLADH OIFIGIÚIL NA COMHDHÁLA
OFFICIAL OPENING OF THE CONFERENCE

UACHTARÁN na hÉIREANN,
MICHEÁL D. Ó hUIGÍNN

PRESIDENT OF IRELAND,
MICHAEL D. HIGGINS





AN tONÓRACH ADRIAN HARDIMAN BREITHEAMH DEN CHÚIRT UACHTARACH JUSTICE OF THE SUPREME COURT

Rugadh an Breitheamh Adrian Hardiman i mBaile Átha Cliath agus fuair sé a chuid oideachais ag Coláiste Belvedere, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (áit ar bhain sé céim amach i stair) agus ag Óstaí an Rí. Glaodh chun an Bharra i 1974 é agus chleacht sé mar abhcóide ar feadh na gcéad 26 bliain eile. Rinneadh abhcóide sinsir de i 1989. Bhain sé taitneamh as slí bheatha spéisiúil sa Chúirt agus sa Bhinse Fiosrúcháin agus bhí baint aige le go leor de na príomhchásanna ag an am. Scríobhadh sé agus chraoladh sé go rialta ar ábhair dhlíthiúla agus pholaitiúla.

Tarraingíodh é ó na radhairc bheoga agus chonspóideacha i 2000, nuair a ceapadh é chun na Cúirte Uachtaraigh, agus áirítear lena chuid foilseachán deireanach agus leis na foilseacháin dá chuid atá le foilsíú go luath: "The Role of the Supreme Court in our Democracy" in Political choice and Democratic Freedom in Ireland (Mulholland, 2004); "Native and foreign judges and laws in Ireland: a post-colonial reflection" in (Sarkin and Binchy eds), The Administration of Justice: Current Themes in Comparative Perspective (Four Courts Press, 2004); "Socio-economic Litigation and the Separation of Powers" in The Commonwealth Lawyer, Volume 14, No. 3 (December 2005); "The Trial of Robert Emmet" in History Ireland, Vol. 13, no. 4 (July/August 2005); "A Gruesome Case: James Joyce's Dublin Murder" in (Larkin and Kissane eds) Librarians Poets and Scholars: a festschrift for Dónall Ó Luanaigh (Dublin, National Library of Ireland Association, forthcoming, 2007); "Shot in Cold

Mr. Justice Adrian Hardiman was born in Dublin and educated at Belvedere College, University College Dublin (where he graduated in history) and the King's Inns. He was called to the Bar in 1974 and practised as a barrister for the next 26 years, taking Silk in 1989. He enjoyed an interesting career in Court and Tribunal, appearing in many of the leading cases of the day. He used to write and broadcast regularly on legal and political topics.

Withdrawn from all vivid and controversial scenes since 2000, when he was appointed to the Supreme Court, his recent and forthcoming publications include: "The Role of the Supreme Court in our Democracy" in Political choice and Democratic Freedom in Ireland (Mulholland, 2004); "Native and foreign judges and laws in Ireland: a post-colonial reflection" in (Sarkin and Binchy eds), The Administration of Justice: Current Themes in Comparative Perspective (Four Courts Press, 2004); "Socio-economic Litigation and the Separation of Powers" in The Commonwealth Lawyer, Volume 14, No. 3 (December 2005); "The Trial of Robert Emmet" in History Ireland, Vol. 13, no. 4 (July/August 2005); "A Gruesome Case: James Joyce's Dublin Murder" in (Larkin and Kissane eds) Librarians Poets and Scholars: a festschrift for Dónall Ó Luanaigh (Dublin, National Library of Ireland Association, forthcoming, 2007); "Shot in Cold

Case: James Joyce's Dublin Murder" in (Larkin agus Kissane eag) Librarians Poets and Scholars: a festschrift for Dónall Ó Luanaigh (Baile Átha Cliath, Cumann Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, le foilsíú, 2007); "Shot in Cold Blood: Military Law and Irish Perceptions in the suppression of the 1916 Rebellion" in (Doherty agus Keogh eag) The Long Revolution: the 1916 Rising in context (Mercier, Corcaigh, 2007); "Law Crime and Punishment in Bloomsday Dublin" (Irish Legal History Society, le foilsíú, 2007).

Tá an Breitheamh Hardiman ina Bhinseoir ag Óstaí an Rí, ina Mháistir Binse ag an Teampall Láir, Londain agus ina Bhall d'Acadamh Ríoga na hÉireann.

Blood: Military Law and Irish Perceptions in the suppression of the 1916 Rebellion" in (Doherty and Keogh eds) The Long Revolution: the 1916 Rising in context (Mercier, Cork, 2007); "Law Crime and Punishment in Bloomsday Dublin" (Irish Legal History Society, forthcoming, 2007).

Mr. Justice Hardiman is a Bencher of the King's Inns, a Master of the Bench of the Middle Temple, London, and a Member of the Royal Irish Academy.



GRAHAM FRASER

Ceapadh Graham Fraser i mí Dheireadh Fómhair 2006 mar shéú Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla do Cheanada, agus rinneadh athnuachan ar a théarma go dtí 2016. Ó shin i leith, an aidhm atá aige ná dhá theanga oifigiúla Cheanada a chur chun cinn agus cearta teanga na gCeanadach a chosaint.

Mar iar-iriseoir agus scríbhneoir, bhí poist éagsúla ag an Uasal Fraser le nuachtán ar leith, mar shampla an Toronto Star, Globe and Mail agus Le Devoir. Ina theannta sin, tá cúig leabhar scriofa aige, lena n-áiritear Sorry, I Don't Speak French, leabhar a chabhraigh le plé poiblí ar pholasáí teanga i gCeanada a spreagadh as an nua.

Mar Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla, is minic a thugtar cuireadh don Uasal Fraser chun a chuid tuairimí maidir le saincheisteanna teangacha oifigiúla réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta, a chur in iúl. Toghadh é mar an chéad Chathaoirleach ar Chumann Idirnáisiúnta na gCoimisinéirí Teanga i mBealtaine 2013.

Graham Fraser was appointed in October 2006 as Canada's sixth Commissioner of Official Languages, and had his mandate renewed until 2016. Since then, his mandate has been to promote Canada's two official languages and protect the language rights of Canadians.

A former journalist and writer, Mr. Fraser held various positions with several newspapers, such as the Toronto Star, The Globe and Mail and Le Devoir. Additionally, Mr. Fraser has written five books, including Sorry, I Don't Speak French, which helped stimulate renewed public discussion of language policy in Canada.

As Commissioner of Official Languages, Mr. Fraser is often invited to express his views on provincial, national and international official languages issues. He was elected as the first Chair of the International Association of Language Commissioners in May 2013.



MERI HUWS

Bhunaigh an Welsh Language (Wales) Measure 2011 oifig Choimisinéir Teanga na Breatnaise. Ceapadh Meri Huws mar chéad Choimisinéir Teanga ar 1 Aibreán 2012. Sular ceapadh í mar Choimisinéir, bhí sí ina cathaoirleach ar Bhord na Breatnaisce ó 2004-2011, agus bhí sí ina ball den bhord chomh maith ó 1993 go dtí 1997. Fuair sí a cuid oideachais i Fishguard High School, sula ndeachaigh sí i mbun céim sa Dlí agus Polaitíocht in Ollscoil na Breataine Bige, Aberystwyth. Rinne sí iarchéim i St Ann College Oxford agus thraenáil sí le bheith ina hoibrí sóisialta, lonnaithe in iarthuaisceart na Breataine Bige. Lean sí le gairm san ardoideachas sna 80idí agus 90idí, bhí sí ina léachtóir i Normal College, Bangor, agus in Ollscoil Newport sular oibrigh sí ar feadh tréimhse in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Bhí sí ina cathaoirleach freisin ar Cymdeithas yr Iaith Gymraeg (Cumann Teanga na Breatnaisce) ó 1981-1983. Sa mblíain 1999 bhog sí le dul ag obair in Ollscoil Bangor mar Leas-Seansailéir Cúnta, agus bhí sí sa bpost sin ar feadh deich m bliana. Ceapadh í mar Leas-Seansailéir Cúnta in Ollscoil na Breataine Bige Trinity St. David i 2009, sular ceapadh í mar Choimisinéir Teanga na Breatnaisce i 2012. Tá aithne mhór sa saol poiblí sa mBreatain Bheag ar Meri Huws. Is minic a fhaigheann sí cuireadh ó choistí sa mBreatain Bheag le fianaise a thabhairt don Tionól Náisiúnta, óráidí a thabhairt ag comhdhlácha agus cruinnithe ar fud na tire, agus le labhairt ar chláir nuachta agus cúrsaí reatha.

The office of Welsh Language Commissioner was created by the Welsh Language (Wales) Measure 2011. Meri Huws started as the first Commissioner on 1 April 2012. Before being appointed as Commissioner, Ms Huws chaired the Welsh Language Board from 2004-2011, and was also a member of the board from 1993 until 1997. She received her education at Fishguard High School, before studying a degree in Law and Politics at the University of Wales, Aberystwyth. She studied for a postgraduate degree at St Ann College Oxford and trained to be a social worker, based in north-west Wales. She followed a career in higher education in the 80s and 90s, she lectured in Normal College, Bangor, and Newport University before working for a period in Dublin City University. Ms Huws also chaired Cymdeithas yr Iaith Gymraeg (the Welsh Language Society) from 1981-1983. In 1999 she moved to work at Bangor University as Deputy Vice-Chancellor, and was in the post for ten years. She was appointed as the Deputy Vice-Chancellor of the University of Wales Trinity St. David in 2009, before being appointed as Welsh Language Commissioner in 2012. Ms Huws is a familiar face in public life in Wales. She is often invited to give evidence to National Assembly for Wales committees, to address conferences and meetings across the country, and to talk on news and current affairs programmes.



RÓNÁN Ó DOMHNAILL

Ar an 12 Márta 2014, cheap Uachtaráin na hÉireann Rónán Ó Domhnaill mar Choimisinéir Teanga, tar éis dó a bheith ainmnithe ag an Rialtas. Ghlac Tithe an Oireachtais (Dáil Éireann agus Seanad Éireann) d'aon ghuth leis an ainmniúchán.

Chaith Rónán Ó Domhnaill 16 bliain mar iriseoir leis an gcraoltóir náisiúnta in Éirinn, RTÉ agus le TG4. Ceapadh é mar Chomhfhreagraí Polaitíochta le Nuacht RTÉ/TG4 i 2006. Chuir sé cláir pholaitíochta ar nós The Week in Politics i láthair chomh maith.

Chuir a ról mar iriseoir go leor béime ar thuairisciú agus anailísíú scéalta a bhain le cearta agus reachtaíocht teanga i dtaobh na Gaeilge de. I measc na scéalta suntasacha atá clúdaithe aige tá foilsíú Acht na dTeangacha Oifigiúla chomh maith leis an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht agus an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030.

Tuairiscionn an Coimisinéir Teanga direach chuig Tithe an Oireachtais. Is minic Rónán os comhair coistí Oireachtais chun labhairt faoi chearta teanga an tsaoránaigh agus an gá na cearta sin a chosaint agus a threisiú.

Rónán Ó Domhnaill was appointed Language Commissioner on 12 March 2014. He was appointed by the President of Ireland following his nomination by the Government. Both Houses of the Oireachtas, (Dáil Éireann and Seanad Éireann) unanimously accepted that nomination.

Rónán Ó Domhnaill spent 16 years as a journalist with the national broadcaster in Ireland, RTÉ and with TG4. He was appointed as Political Correspondent with Nuacht RTÉ/TG4 in 2006. He also presented political programmes such as The Week in Politics.

His role as a journalist placed much emphasis on reporting and analysing political stories relating to language rights and legislation regarding the Irish language. The significant stories he has covered include the publication of the Official Languages Act, as well as the Comprehensive Linguistic Study of the Use of Irish in the Gaeltacht and the 20 Year Strategy for the Irish Language 2010 – 2030.

The Language Commissioner reports directly to the Houses of the Oireachtas. Rónán is often before Oireachtas committees to speak about language rights and the need to protect and strengthen those rights.



RAFAEL RIBÓ

Is é Rafael Ribó Ombudsman na Catalóine ón mbliain 2004 agus é anois ag cur isteach a dhara tréimhse sa bpost sin. Bhí sé ina Uachtarán ar Bhord Stiúrthóirí na hEorpa den Institiúid Ombudsman Idirnáisiúnta ó 2009 go dtí 2012 tráth ar ceapadh é mar dhuine de stiúrthóirí an Bhoird Dhomhanda.

Tá céim aige in Eacnamaíocht agus i nDlí agus is léachtóir ollscoile é in Eolaíocht Pholaitiúil agus Riaracháin. Is iar-bhall parlaiminte de Pharlaimint na Catalóine agus de Pharlaimint na Spáinne é. Bhí an tUasal Ribó ina Ard-Rúnaí ar Pháirtí Aontaithe Sóisialach na Catalóine agus ina uachtarán ar an bpáirtí polaitíochta an Iniciativa per Catalunya. Tá cuid mhór leabhar, caibidlí agus staidéar foilsithe aige ar nós Catalonia's Political System, The National Question and the Catalan Nations, Handbook of Political Science, Citizenship and Nationalism agus Special Regions and European Union Treaty Reform.

Rafael Ribó has been Síndic de Greuges de Catalunya (Catalan Ombudsman) since 2004. Now he is on his second mandate. He was President of the European Board of Directors of the International Ombudsman Institute (IOI) from 2009 to 2012 when he was appointed as one of the directors of the World Board.

With degrees in Economics and Law, Mr. Ribó is a university lecturer in Political and Administrative Science. A former MP in the Catalan and Spanish Parliaments, Mr. Ribó was Secretary General of the PSUC (Unified Socialist Party of Catalonia) and president of the Iniciativa per Catalunya political party. He has published several books, chapters and studies such as Catalonia's Political System, The National Question and the Catalan Nations, Handbook of Political Science, Citizenship and Nationalism and Special Regions and European Union Treaty Reform.



FRANÇOIS BOILEAU

I láthair na huaire, tá an tUasal François Boileau ag leanúint dá thriú tréimhse mar Choimisinéir do Sheirbhísí Teanga na Fraincise in Ontario. Sular thosaigh sé a thréimhse mar Choimisinéir i mí Lúnasa 2007, ghníomhaigh an tUasal Boileau mar chomhairleoir dlí d'Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.

Ó 1993 go 2003, bhí poist éagsúla aige leis an Fédération des Communautés Francophones et Acadienne du Canada (FCFA), in oifig Quebec, lena n-áirítear stiúrthóir, oifigeach idirchaidrimh pholaitiúil agus dlí, agus comhairleoir dlí. Ceann de na héachtaí is tábhactaí a bhain sé amach i rith an ama sin ná ionadaiocht a dhéanamh don FCFA os comhair Chúirt Achromhaic Ontario sa chás Montfort. Sa chás seo, bhunaigh sé straitéisí agus chuir sé comhordú dlí ar fáil do gach idirghabhálaí, lena n-áirítear Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla Cheanada agus Association Canadienne Française de l'Ontario (ACFO).

Ó 1995 go dtí 1997, i Winnipeg, ba é an tUasal Boileau an chéad stiúrthóir feidhmiúcháin de chuid Chlár Dúshláin Cúirte Cheanada. Le linn a thréimhse, d'fhorbair sé tosaíochtaí straitéiseacha agus pleannanna oibríochta na heagraíochta. Bhí sé freisin i gceannas ar an gcuid den chlár a bhain le cearta teanga agus ghníomhaigh sé mar urlabhraí oifigiúil do na meáin, don rialtas agus don phobal, chomh maith le feidhmeanna go leor eile.

Tuairiscíonn an Coimisinéir do Sheirbhísí Teanga na Fraincise síreacht chuíg Tionól Reachtach Ontario. Tá sé de chumhacht aige moltaí a dhéanamh ar nithe a bhaineann le cur i bhfeidhm an Acharta um Sheirbhísí Teanga na Fraincise.

Mr. François Boileau is currently pursuing his third mandate as the French Language Services Commissioner of Ontario. Prior to beginning his mandate as Commissioner in August 2007, Mr. Boileau acted as legal counsel for the Office of the Commissioner of Official Languages.

From 1993 to 2003, he held various positions with the Fédération des communautés francophones et acadienne du Canada (FCFA), in its Quebec City office, including director, political and legal liaison officer, and legal counsel. One of his most important achievements during that time was to represent the FCFA before the Ontario Court of Appeal in the Montfort case. For this case, he established strategies and provided legal coordination for each of the interveners, including for the Commissioner of Official Languages of Canada and the Association canadienne française de l'Ontario (ACFO).

From 1995 to 1997, in Winnipeg, Mr. Boileau became the first executive director of the Court Challenges Program of Canada. During his tenure, he developed the organisation's strategic priorities and operational plans. He also headed up the language rights component of the program and acted as its official spokesperson for media, government and community stakeholders, along with many other functions.

The French Language Services Commissioner reports directly to the Legislative Assembly of Ontario. He has the power to make recommendations on matters pertaining to the application of the French Language Services Act.



MANUEL LEZERTUA

I mí an Mheithimh 2015, thogh an Pharlaimint Manuel Lezertua mar Ararteko - Ombudsman Thír na mBascach/Cosantóir Cearta Saoránach, lena n-áirítear cearta teanga, trí thromlach cailithe de 3/5 den vótá, mar a éilíonn an dlí.

Fuair Manuel Lezertua céim PhD (cuid 1) le honóracha, in Ollscoil Thír na mBascach, i 1982; cuid 2 (ar feitheadamh) in Ollscoil Granada faoi stiúir an Ollaimh J. Vida Soria.

Bronnadh onóracha sa Dlí in Ollscoil Deusto (Bilbao) air sa mbliaín 1980 agus i King's College (Londain) sa mbliaín 1982 (LLM).

Tá taithí ghairmiúil aige mar oifigeach de chuid Rialtas na mBascach sa Roinn Riaracháin Phoiblí agus Dlí agus Cirt ó 1983-1985 agus mar dhlíodóir de Chúirt Bhunreachtúil na Spáinne ó 1992-1994.

Chomh maith le cuid mhór post eile a bhí aige mar oifigeach idirnáisiúnta buan de Chomhairle na hEorpa, bhí sé ina Oifigeach Dlí den Choiste Eorpach um Chearta Sóisialta ó 1986-1988; ina Oifigeach Dlí sa Chúirt Eorpach um Chearta an Duine ó 1988-1992; agus ina Phríomh-Riarthóir de Choiste na nAirí ó 1994-1996 i gceannas ar shaincheisteanna um Chearta Daonna, lena n-áirítear cearta mionlach.

Tá cuid mhaith foilsithe aige maidir le Dlí Cearta Daonna, Comhtháthú Eorpach agus saincheisteanna maidir le Dlí Coiriúil Idirnáisiúnta. Tá foilseachán amháin ar fiú tagairt ar leith a dhéanamh dó, is é sin "The case law of the European Court of Human Rights in linguistic matters".

In June 2015, Manuel Lezertua was elected by Parliament as Ararteko - Ombudsman of the Basque Country/Citizen's Right's Defender, including linguistic rights, through a qualified majority of 3/5 of the vote, as required by the law.

Manuel Lezertua obtained a PhD Degree (1st part) in University of Basque Country, with honours, in 1982; 2nd part (pending) in Granada University under the direction of Professor J. Vida Soria.

He graduated with honours in Law at Deusto University (Bilbao), in 1980, and King's College (London), in 1982 (LLM).

He has professional experience, serving as an official of the Basque Government, Department of Public Administration and Justice, from 1983 to 1985 and a Lawyer for the Constitutional Court of Spain from 1992 to 1994.

As well as holding many other posts as a permanent international official of the Council of Europe, he was a Legal Officer in the European Committee for Social Rights from 1986-1988; a Legal Officer in the European Court of Human Rights from 1988-1992; and a Principal Administrator in the Committee of Ministers from 1994-1996, in charge of Human Rights issues, including minority rights.

He has many publications in Human Rights Law, European Integration and International Criminal Law issues. One publication worth particular mention is "The case law of the European Court of Human Rights in linguistic matters".



KATHERINE d'ENTREMONT

Ceapadh Katherine d'Entremont mar Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla New Brunswick i Meitheamh 2013 le haghaidh tréimhse seacht mbliana.

Thosaigh sí a saol oibre mar mhúinteoir Tumoideachais Fraincise i Sussex agus i Fredericton. Ina dhiaidh sin chuaigh sí ag obair leis an tSeirbhís Phoiblí i New Brunswick áit a raibh poist shinsearacha éagsúla aici. Clúdaíonn a saineolas réimsí go leor, mar shampla teangacha oifigiúla, an earnáil bhardasach, acmhainní daonna, agus cothromas san ionad oibre.

Óna cuid spéise i bhfoghlaim fadsaoil chuaigh sí ar aghaidh le bheith ina Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar an mBunachar Sonraí Náisiúnta Litearthachta d'Aosaigh i 2007, soláthraí dátheangach náisiúnta ar líne d'acmhainní Litearthachta agus Scileanna Riachtanacha.

Sular ceapadh í mar Choimisinéir, bhí Katherine d'Entremont ina Riarthóir ar an Table of Provincial and Territorial Ministers Responsible for Local Government, tráth ar stiúir sí tionscnamh phan-Cheanada ar cheisteanna rialtais áitiúil.

Is gníomhaire neamhspleáach de chuid an Tionól Reachtúil Coimisinéir na dTeangacha Oifigiúla New Brunswick. Is iad a cuid feidhmeanna ná imscrúdú, tuairisciú agus moltaí a dhéanamh maidir le comhlionadh Acht na dTeangacha Oifigiúla.

Tá sí freagrach freisin as cur chun cinn an dá theanga oifigiúla sa réigiún.

Katherine d'Entremont was appointed Commissioner of Official Languages for New Brunswick in June 2013 for a seven-year mandate.

She started her career as a French Immersion teacher in Sussex and Fredericton. She then joined the New Brunswick Public Service where she held various senior positions. Her expertise covers many fields, such as official languages, the municipal sector, human resources, and workplace equity.

Katherine d'Entremont's interest in lifelong learning led her to become the Chief Executive Officer of the National Adult Literacy Database in 2007, a national bilingual provider of online Literacy and Essential Skills resources.

Prior to becoming Commissioner, Ms. d'Entremont was the Administrator of the Table of Provincial and Territorial Ministers Responsible for Local Government. As such, she led pan-Canadian initiatives on local government issues.

The Commissioner of Official Languages for New Brunswick is an independent agent of the Legislative Assembly. Her role is to investigate, report on, and make recommendations with regard to compliance with the Official Languages Act. She is also responsible for the promotion of the advancement of both official languages in the province.



BART WEEKERS

Is é Bart Weekers Ombudsman na bPléimeannach ón mbliain 2010. In éineacht lena fhoireann, déanann sé iarracht le réiteach a fháil nuair nach n-éiríonn le saoránach agus an Rialtas Pléimeannach é sin a dhéanamh. Tá spéis i gconaí aige sa gcóimheá dheacair sin: tuigeann sé go gcaithfidh an rialtas tortháí a fháil, ach is mian leis leanúint ar aghaidh ag cur i gcuimhne go bhfuil ar an rialtas aire a thabhairt don saoránach.

Dá bhri sin, tá sé faoi láthair ag cur go leor dá chuid fuinnimh i dtionscadail a chuirfidh ar chumas an tsaoránaigh teacht ar an eolas agus ar an tseirbhís sin ar fad ar bhealach éasca.

Chomh maith leis sin ba é Bart Weekers an chéad Abhcóide Ginearálta ag an gComhairle Stáit. Sna deich mbliana a d'oiribh sé ansin (2000-2010) chuir sé lena chumas ó thaobh aighnis idir saoránach agus an rialtas a réiteach agus ó thaobh comhairle a chur ar an rialtas i dtaobh an chaoi le haighneas a sheachaint agus a réiteach.

